Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0133(NLE)**

**9570/21**
**ADD 2**

**AELE 28**
**EEE 19**
**N 50**
**ISL 14**
**FL 14**
**DATAPROTECT 158**
**JAI 686**
**MI 442**
**DRS 26**
**FREMP 168**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 274 final - IARSCRÍBHINN II |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 274 final - IARSCRÍBHINN II.

---

Faoi iamh: COM(2021) 274 final - IARSCRÍBHINN II

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2021
COM(2021) 274 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (Ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

## IARSCRÍBHINN 2

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú)[1], arna cheartú le IO L 334, 27.12.2019, lch. 164 agus IO L 419, 11.12.2020, lch. 36, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Treoir (AE) 2018/1972, le héifeacht ón 21 Nollaig 2020, aisghairtear Treoracha 2002/19/CE[2], 2002/20/CE[3], 2002/21/CE[4] agus 2002/22/CE[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha a ionchorpraíodh i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá bhrí sin faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 21 Nollaig 2020.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis phointe 5czq (Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

‘5czr. **32018 L 1972**: Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36), arna cheartú le IO L 334, 27.12.2019, lch. 164 agus IO L 419, 11.12.2020, lch. 36.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, cuirfear na hoiriúnuithe seo a leanas i bhfeidhm ar fhorálacha na Treorach:

---

1 IO L 321, 17.12.2018, lch. 36.
2 IO L 108, 24.4.2002, lch. 7.
3 IO L 108, 24.4.2002, lch. 21.
4 IO L 108, 24.4.2002, lch. 33.
5 IO L 108, 24.4.2002, lch. 51.

(a) Tagairtí do dhlí an Aontais, lena n-áirítear tagairtí do CFAE agus dá fhorálacha, tuigfear iad mar thagairtí do Chomhaontú LEE.

(b) In Airteagal 28, cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 4:

"Tar éis d'Údarás Faireacháin CSTE dul i gcomhairle leis na húdaráis rialála náisiúnta, féadfaidh Údarás Faireacháin CSTE, agus lánaird á tabhairt aige ar thuairim RSPG, cinntí a dhíreofar chuig Stáit CSTE lena mbaineann a ghlacadh.

Má tá sé ar intinn ag Údarás Faireacháin CSTE nó ag an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh maidir le fadhb nó díospóid a bhaineann le Stát de chuid CSTE agus le Ballstát de Aontas Eorpach AE araon, oibreodh siad i gcomhar d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cinntí chun réiteach a fháil ar thrasnaíocht dhíobhálach trasteorann. Dá bhrí sin, tabharfaidh Údarás Faireacháin CSTE agus an Coimisiún lánaird ar thuairim RSPG. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 109 de Chomhaontú LEE."

(c) In Airteagal 31(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, in ionad na bhfocal "Airteagal 267 CFAE", cuirfear isteach "Airteagal 34 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú".

(d) Cuirfear na fomhíreanna seo a leanas le hAirteagal 65(1):

"Tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis rialála náisiúnta, féadfaidh Údarás Faireacháin CSTE cinntí a ghlacadh lena sainaithneofar margaí trasnáisiúnta idir dhá Stát de chuid CSTE nó níos mó.

Má tá sé ar intinn ag Údarás Faireacháin CSTE nó ag an gCoimisiún margadh trasnáisiúnta a shainaithint, margadh a dhéanann difear do Stát de chuid CSTE agus do Bhallstát den Aontas araon, oibreoidh siad i gcomhar d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cinntí comhionanna lena ndéantar an margadh trasnáisiúnta sin a shainaithint. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 109 de Chomhaontú LEE."

(e) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE,

(i) in Airteagal 100(1), in ionad na bhfocal "Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais (an 'Chairt') agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais", cuirfear isteach "cearta bunúsacha agus prionsabail ghinearálta Chomhaontú LEE";

(ii) in Airteagal 100(2), in ionad na bhfocal "na cearta nó na saoirsí a aithnítear sa Chairt", na bhfocal "Airteagal 52(1) den Chairt" agus na bhfocal "an Chairt", cuirfear isteach "cearta bunúsacha".'

2. Le héifeacht ón 21 Nollaig 2020, cuirfear an méid seo a leanas le pointe 5cla (Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

', arna leasú le:

- **32018 L 1972**: Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).'

3. Déanfar téacs phointí 5cj, 5ck, 5cl agus 5cm a scriosadh le héifeacht ón 21 Nollaig 2020.

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil atá i dtéacs Threoir (AE) 2018/1972, arna cheartú le IO L 334, 27.12.2019, lch. 164 agus IO L 419, 11.12.2020, lch. 36, as Íoslainnis agus as Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE déanta ina leith*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
[...]

* [Ní shonraítear aon rialacha bunreachtúla.] [Sonraítear rialacha bunreachtúla.]